Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

15658/23

LIMITE

JAI 1517
COPEN 400
RELEX 1346
IPCR 62
COJUR 57

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13632/23 |
| Ábhar: | Freagairtí breithiúnacha agus an tsaoirse ó phionós a chomhrac maidir le coireanna cogaidh arna ndéanamh i ndáil le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin<br>– Staid na himeartha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

PUBLIC

**Freagairtí breithiúnacha agus an tsaoirse ó phionós a chomhrac maidir le coireanna cogaidh arna ndéanamh i ndáil le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin – staid na himeartha**

Ó thús chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, tuairiscítear staid na himeartha go rialta don Chomhairle maidir le freagairtí breithiúnacha agus an tsaoirse ó phionós. Cuireadh an staid imeartha roimhe seo ar fáil don chruinniú a bhí ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 20 Deireadh Fómhair (13632/23). Leagadh béim go háirithe ar thús ghníomhaíochtaí an Lárionaid Idirnáisiúnta um ionchúiseamh choir an fhogha faoin Úcráin (ICPA), ar fhorbairt Bhunachar sonraí fianaise i leith na gcoireanna idirnáisiúnta is tromchúisí (CICED) ag Eurojust, ar Chomhdháil na nAirí i Ríge, an 11 Meán Fómhair, ar Chomhdháil na Rannpháirtithe i gclár an damáiste i Ríge, an 12 Meán Fómhair, agus ar na forbairtí maidir le hionstraimí reachtacha.

An 26-27 Deireadh Fómhair, mheabhraigh an Chomhairle Eorpach nach mór an Rúis agus a lucht ceannais a thabhairt chun cuntais go huile agus go hiomlán as an gcogadh foghach atá á fhearadh aici ar an Úcráin agus as coireanna tromchúiseacha eile faoin dlí idirnáisiúnta. D'iarr an Chomhairle Eorpach go leanfaí den obair, lena n-áirítear sa Chroíghrúpa, ar na hiarrachtaí chun binse a bhunú chun coir an fhogha faoin Úcráin a ionchúiseamh, a mbeadh an tacaíocht agus an dlisteanacht idirnáisiúnta is leithne aige, agus na hiarrachtaí le go mbeifear in ann sásra cúitimh a bhunú amach anseo. Thairis sin, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl go dtacaíonn sí le hobair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus cháin sí iarrachtaí na Rúise an bonn a bhaint dá sainordú agus dá feidhmiú idirnáisiúnta.

Ag féachaint don Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 4 Nollaig, ba mhaith leis an Uachtaránacht aird na dtoscaireachtaí a tharraingt ar na gnéithe seo a leanas:

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar an tacaíocht do na gníomhaíochtaí a dhéanann an Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú (JIT) agus ICPA i ndáil le croíchoireanna idirnáisiúnta a líomhnaítear a rinneadh san Úcráin, agus an dá cheann acu lonnaithe ag Eurojust agus ag fáil cúnaimh uaidh.

An 5 Deireadh Fómhair, rinneadh rannpháirtí in JIT de Europol d'fhonn tacaíocht anailíseach agus fhóiréinseach a chur ar fáil do chomhaltaí JIT go háirithe i réimse na faisnéise foinse oscailte (OSINT). Is dul chun cinn nithiúil é an comhlachas sin maidir le tacaíocht chomhordaithe ó Eurojust agus Europol a áirithiú do na húdaráis náisiúnta a bhfuil croíchoireanna idirnáisiúnta a rinneadh san Úcráin á n-imscrúdú acu. I gcomhréir le Rialachán 2022/838, tá an dá ghníomhaireacht ag obair le chéile chun tuilleadh sásraí praiticiúla dinimiciúla comhair a shainaithint.

Ó cuireadh tús le hoibríochtaí ICPA, d'oibrigh Eurojust le comhaltaí ICPA chun straitéis ionchúisimh a shainiú, agus anailís á déanamh ar an bhfianaise atá ann cheana agus ar bhearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Tagann comhaltaí ICPA le chéile ag Eurojust ar bhonn seachtainiúil chun na cúrsaí sin a phlé agus chun riachtanais tacaíochta bhreise a shainaithint, lena n-áirítear aighneachtaí a d'fhéadfadh saineolaithe a dhéanamh amach anseo.

Tar éis meabhrán tuisceana a shíniú an 3 Márta 2023 le seacht n-údarás náisiúnta JIT (an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Úcráin), d'fhógair na Stáit Aontaithe go hoifigiúil go soláthródh sé USD 1 mhilliún do ICPA. Seolfar an ranníocaíocht airgeadais sin trí ionstraim bhuiséadach an Aontais a sholáthair an cistiú tosaigh (Ionstraimí Beartais Eachtraigh). Is céim eile é seo i dtreo idirnáisiúnú ICPA. Ag an am céanna, tá Eurojust ag obair ar CICED a chur i bhfeidhm de réir a chéile, ar rannchuidigh 13 thír leis go dtí seo – lena n-áirítear an Úcráin agus na Stáit Aontaithe. Leanann Uachtaránacht na Spáinne de bheith ag moladh do na Ballstáit uile rannchuidiú le CICED.

Tá dlús breise curtha le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta agus saineolais.
An 19 Deireadh Fómhair, d'fhoilsigh an Líonra um Chinedhíothú páipéar dar teideal *The crime of aggression in the national laws of EU Member States, Genocide Network Observer States and Ukraine* [Coir an fhogha i ndlíthe náisiúnta Bhallstáit an Aontais, Stáit Bhreathnóireachta an Líonra um Chinedhíothú agus an Úcráin]. Tugtar forléargas sa cháipéis ar na sainmhínithe náisiúnta ar choir an fhogha i mBallstáit an Aontais, i Stáit Bhreathnóireachta an Líonra um Chinedhíothú agus san Úcráin, agus ar fhorálacha dlínse gaolmhara. Tugann sé sin cúlra úsáideach d'obair ICPA, rud a chomhlánaíonn a n-iarrachtaí oibríochtúla.



PUBLIC

Is comhchathaoirligh iad Eurojust agus an Úcráin ar shruth oibre na Meithle um Idirphlé maidir le himscrúduithe náisiúnta, darb aidhm tuiscint ar na príomhdhúshláin san obair imscrúdaitheach náisiúnta a chur chun cinn agus réitigh a shainaithint go comhpháirteach ar leibhéal an bheartais. Ag an dara cruinniú a bhí aici, an 26 Deireadh Fómhair, pléadh sa sruth oibre na dúshláin fhianaiseacha a ghabhann le himscrúduithe bunaithe ar an ionchur a fuarthas ó na húdaráis náisiúnta inniúla a ghlacann páirt sa sruth oibre. Sa chomhthéacs sin, leagadh béim ar dhúshláin nós imeachta, go háirithe inghlacthacht fianaise.

Maidir le faisnéis arna bailiú agus arna caomhnú ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le coireanna idirnáisiúnta, dealraíonn sé fós gur deacair an fhaisnéis sin a mheas mar fhianaise inghlactha os comhair na gcúirteanna náisiúnta, ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear go bhfuil ceanglais inghlacthachta fianaise éagsúil ó Bhallstát go Ballstát.

An 9 Samhain, phléigh ionadaithe de chuid na n-údarás breithiúnach, 20 eagraíocht de chuid na sochaí sibhialta san Úcráin agus tíortha comhpháirtíochta an t-ábhar sin ag an 4ú cruinniú *ad hoc* maidir leis an gcogadh san Úcráin a d’eagraigh an Líonra Eorpach um imscrúdú agus ionchúiseamh cinedhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh (‘an Líonra um Chinedhíothú’). Ag an gcruinniú, díríodh ar ról na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta maidir le faisnéis a bhailiú agus a anailísiú – lena n-áirítear faisnéis maidir le coir an fhogha agus coireanna arna ndéanamh ag gníomhaithe míleata príobháideacha – agus maidir lena gcomhar le húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta.

Maidir le hiarrachtaí chun binse a bhunú chun coir an fhogha a ionchúiseamh, is í an Mheitheal um an Dlí Idirnáisiúnta Poiblí (COJUR) – laistigh den Chomhairle – a phléann an tsaincheist seo; pléadh an tsaincheist an 6 Deireadh Fómhair. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, is é an Croíghrúpa, grúpa de stáit atá ar aon intinn, an fóram ina dtionóltar an plé. Ghlac 40 stát páirt sa chruinniú deireanach den Chroíghrúpa a tionóladh i mBeirlín an 16 Samhain. Is i mí Eanáir 2024 a reáchtálfar an chéad chruinniú eile den Bhord Feidhmiúcháin.

Fónfaidh Clár Damáiste na hÚcráine mar thaifead ar éilimh agus ar fhianaise maidir le damáiste, caillteanas nó díobháil arbh iad gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta a rinne Cónaidhm na Rúise san Úcráin nó ina coinne ba chúis leo. Is in Strasbourg ar an 16 Samhain a tionóladh an 3ú cruinniú de Chomhdháil na Rannpháirtithe. Ag an gcruinniú sin, toghadh na seachtar comhaltaí ar Bhord an Chláir, glacadh an buiséad bliantúil do 2024 agus an buiséad sealadach do 2025 agus thángthas ar chomhaontú maidir le straitéis for-rochtana chun ballraíocht an Chláir a leathnú chuig tríú tíortha. Tá an Bord ar cheann de phríomhchomhlachtaí an Chláir agus é ríthábhachtach ó thaobh phríomhobair an Chláir a sheoladh, eadhon na rialacha agus na nósanna imeachta lena rialaítear obair an Chláir a mholadh agus cinntí deiridh a dhéanamh maidir le héilimh incháilithe is féidir a thaifeadadh sa Chlár. Díreoidh obair an Chláir ar dtús ar a ardán digiteach a fhorbairt. Is é an sprioc atá ann tús a chur lena phríomhoibríochtaí – glacadh le héilimh – sa chéad ráithe de 2024.

Tá ardtosaíocht tugtha ag an Uachtaránacht do dhul chun cinn a bhaint amach maidir leis an dá ionstraim reachtacha atá á bplé faoi láthair in earnáil an cheartais, a bhfuil nasc acu le héifeachtacht bhearta sriantacha an Aontais.

Is é an chéad ionstraim an togra le haghaidh Treoir lena leagtar amach íosrialacha maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar chineálacha agus leibhéil na smachtbhannaí i leith sárú ar bhearta sriantacha. Is ar an 26 Meán Fómhair a tionóladh an dara cruinniú tríthaobhach ina leith sin. Is é cuspóir an dá chomhreachtóir teacht ar chomhaontú iomlán faoi Uachtaránacht na Spáinne. Tá an tríú cruinniú tríthaobhach agus an ceann deiridh dá leithéid, b’fhéidir, beartaithe don 30 Nollaig.

Is é an dara hionstraim an togra le haghaidh Treoir maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní lena leathnófar na féidearthachtaí maidir le coigistiú, lena n-áirítear ‘rachmas neamh-mhínithe’, agus lena dtreiseofar gníomhaíocht na n-oifigí náisiúnta um aisghabháil sócmhainní. Beidh sé infheidhme, i measc nithe eile, maidir le cionta a chumhdaítear leis an Treoir a bhaineann le sáruithe ar bhearta sriantacha. Is é cuspóir an dá chomhreachtóir teacht ar chomhaontú faoi Uachtaránacht na Spáinne. Leanadh den obair ar an leibhéal teicniúil tar éis an dara cruinniú tríthaobhach a bhí ar siúl an 3 Deireadh Fómhair. Tá an tríú cruinniú tríthaobhach agus an ceann deiridh dá leithéid, b’fhéidir, beartaithe don 12 Nollaig.



PUBLIC